C/2026/3714

9.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12486 — SAICA / THIMM)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3714)

1. An 30 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SA Industrias Celulosa Aragonesa ('SAICA', an Spáinn), faoi rialú Aragocias S.A. (an Spáinn),

— Thimm Group GmbH + Co. KG ('Thimm', an Ghearmáin), atá faoi rialú Thimm Holding GmbH + Co. KG (an Ghearmáin).

Gheobhaidh SAICA rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar THIMM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá SAICA gníomhach i bhforbairt agus i dtáirgeadh páipéir athchúrsáilte le haghaidh cairtchlár roctha, agus tá a phríomhghníomhaíochtaí aige i mbainistiú dramhaíola, i monarú páipéir athchúrsáilte agus i dtáirgeadh réiteach pacáistíochta cairtchláir roctha, ar fud na hEorpa den chuid is mó,

— Tá Thimm gníomhach i bpacáistíocht éagsúlaithe agus tá a phríomhghníomhaíochtaí aige i bpacáistíocht monaraíochta agus réitigh taispeána a dhéantar as bord roctha, priontáil na dtáirgí trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla agus soláthar seirbhísí gaolmhara agus comhairliúchán, ar fud na hEorpa den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12486 — SAICA / THIMM

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.